AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.3.2022
COM(2022) 85 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Treoir maidir le beartas fioscach le haghaidh 2023**

GA GA

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Treoir maidir le beartas fioscach le haghaidh 2023**

## 1. Réamhrá

**Rinne ionradh na Rúise ar an Úcráin dochar do shlándáil agus cobhsaíocht na hEorpa agus an domhain mhóir.** Is cor cinniúna don Eoraip é an méid a thit amach le déanaí, rud a chuireann an t-ord síochána atá againn i mbaol go bunúsach. Seasann an tAontas Eorpach i ndlúthpháirtíocht leis an Úcráin ó thaobh na polaitíochta de agus ó thaobh an gheilleagair de. Mar fhreagairt ar na gníomhaíochtaí míleata gan chúis gan údar atá á ndéanamh ag an Rúis, d'fhormheas an tAontas pacáiste smachtbhannaí ollmhóra spriocdhírithe a mbeidh an tionchar is mó is féidir acu ar gheilleagar na Rúise agus ar an scothaicme pholaitiúil. Tá roinnt dúshlán práinneach roimh an Aontas san am céanna, go háirithe i ndáil le sreafaí dídeanaithe, leis an tslándáil agus le frithbhearta a d'fhéadfadh an Rúis a dhéanamh. Tá baol ann go mbeidh tionchar diúltach ag an ngéarchéim seo ar an bhfás, lena n-áirítear tríd na hiarmhairtí ar na margaí airgeadais, tuilleadh brúnna ar phraghsanna fuinnimh, scrogaill mharthanacha sa slabhra soláthair agus éifeachtaí muiníne.

**Leis an éiginnteacht eisceachtúil agus na rioscaí eisceachtúla, tá gá le comhordú láidir na mbeartas eacnamaíoch agus fioscach chun aistriú amach as géarchéim COVID-19.** Freagairt throm chomhordaithe an bheartais fhioscaigh ar an bpaindéim, tacaíocht nach bhfacthas a leithéid cheana ó ionstraimí nua de chuid an Aontais agus an beartas airgid réidh, chuidigh na nithe sin le geilleagar an Aontais teacht tríd an ngéarchéim agus tá siad mar bhonn leis an téarnamh. Shroich an tAontas an leibhéal OTI a bhí ann roimh an bpaindéim sa tríú ráithe de 2021; i réamhaisnéis gheimhridh 2022 ón gCoimisiún, measadh go mbeadh an t-aschur ag leibhéal níos airde ná mar a bhí ann roimh an bpaindéim faoi dheireadh 2022 i ngach Ballstát. Agus an saol ag bogadh ar aghaidh, ba cheart leanúint den bheartas fioscach, mar aon le beartais eacnamaíocha níos leithne, a chomhordú go dlúth chun inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú agus chun cuidiú leis an téarnamh a chothú agus geilleagar an Aontais a aistriú chuig conair lena mbaineann fás níos láidre agus níos inbhuanaithe, d'ainneoin timpeallacht na cruinne atá imithe in olcas.

**Ní mór na beartais fhioscacha a bheith ullamh le freagairt do na dálaí atá ag athrú go tapa.** Tá an timpeallacht beartais ag forbairt. Tá sé beartaithe deireadh de réir a chéile a chur le bearta sealadacha éigeandála a bhaineann leis an bpaindéim in 2022, i gcomhréir le normalú forchéimnitheach na staideanna sláinte poiblí. ([1]) Is léir ón tuar boilscithe gearrthéarmach go ndéanfar an beartas airgeadaíochta a normalú de réir a chéile. Mar sin féin, meastar go mbeidh tionchar diúltach ag an ionradh ar an Úcráin ar an tuar atá tagtha chun a bheith níos éiginnte agus lena mbaineann rioscaí atá ag claonadh i dtreo an taoibh thíos. Leanfar d'fheidhm a bheith ag an 'gclásal éalaithe ginearálta', mar a thugtar air, den

(1) An Coimisiún Eorpach (2021) 'Dréachtphleananna Buiséadacha 2022: Measúnú Foriomlán,' COM(2021) 900 final an 24 Samhain 2021.

Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis (CCF) ([2]) in 2022. Leis sin beifear in ann an beartas fioscach a oiriúnú don staid atá ag forbairt chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin phráinneacha a bhaineann leis an ngéarchéim seo. Ar bhonn réamhaisnéis gheimhridh 2022 ón gCoimisiún, táthar ag súil go ndéanfar an clásal ginearálta éalaithe a dhíghníomhachtú ó 2023 ar aghaidh. ([3]) Déanfar athmheasúnú air sin ar bhonn réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún i bhfianaise na héiginnteachta móire. Athsheoladh an díospóireacht i ndáil leis an gcreat rialachais eacnamaíoch faoi dheireadh i mí Dheireadh Fómhair 2021 d'fhonn teacht ar chomhthoil leathan maidir leis an mbealach chun cinn a bheidh réidh in am do 2023. ([4])

**Leis an Teachtaireacht seo, tugtar treoir do na Ballstáit maidir le riaradh agus comhordú an bheartais fhioscaigh, ag brath ar an ionchas eacnamaíoch atá ag forbairt.** Cuirtear san áireamh leis an treoir an t-eispéireas dearfach a bhí ann le treoir chomhchosúil a cuireadh ar fáil i mí an Mhárta 2021, rud a chuidigh leis an bplé leanúnach sa Chomhairle, sa Ghrúpa Euro agus le páirtithe leasmhara eile an Aontais agus páirtithe leasmhara idirnáisiúnta maidir le freagairt chuí an bheartais fhioscaigh agus a oiriúnaithe. Léiriú ar réamhaisnéis gheimhridh 2022 ón gCoimisiún atá sna prionsabail agus ba cheart do na Ballstáit iad a úsáid mar threoir ina gcláir um chobhsaíocht agus um chóineasú atá le teacht gan mhoill. Déanfar an treoir a choigeartú do na forbairtí eacnamaíocha de réir mar is gá sa Phacáiste Earraigh den Seimeastar Eorpach ón gCoimisiún ag deireadh mhí na Bealtaine 2022 ar a dhéanaí.

**Tá ceithre roinn sa chuid eile den Teachtaireacht.** Tugtar tuairisc i Roinn 2 ar an ionchas eacnamaíoch le haghaidh 2022 agus 2023. Leagtar amach cúig phrionsabal i Roinn 3 agus tarraingítear ar impleachtaí na moltaí fioscacha atá bunaithe ar réamhaisnéis gheimhridh atá le moladh do na Ballstáit i mí na Bealtaine 2022 maidir lena bpleananna buiséadacha in 2023. Tá achoimre i Roinn 4 ar staid na himeartha maidir leis an athbhreithniú ar rialachas eacnamaíoch. Leagtar amach na chéad chéimeanna eile i Roinn 5.

## 2. Staid agus ionchas eacnamaíoch

**Tá geilleagar an Aontais Eorpaigh sa tríú bliain de phaindéim COVID-19 anois tar éis an bhearna a dhúnadh maidir leis an leibhéal aschuir a bhí ann roimh an bpaindéim.** Tháinig geilleagar an Aontais chuige féin go láidir in 2021 agus ní raibh an dífhostaíocht chomh híseal céanna riamh ach chuaigh an luas forbartha i léig i dtreo dheireadh na bliana. De thoradh ar theacht chun cinn an athraithigh 'Omicron', tugadh isteach srianta soghluaisteachta an athuair, cuireadh strus athnuaite ar chórais cúraim sláinte agus bhí

---

(2) Leis na forálacha sonracha i rialacha fioscacha an Aontais, ceadaítear imeacht shealadach comhordaithe ordúil ó na gnáthcheanglais le haghaidh gach Ballstát a bhfuil géarchéim ghinearálaithe ann arb é mórshleabhcadh eacnamaíoch is cúis léi sa limistéir euro nó san Aontas ina iomláine (féach Airteagal 5(1), Airteagal 6(3), Airteagal 9(1) agus Airteagal 10(3) de Rialachán (CE) 1466/97 agus Airteagal 3(5) agus Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) 1467/97).

(3) Cuireadh an clásal éalaithe ginearálta i ngníomh trí fhormhuiniú na Teachtaireachta ón gCoimisiún Eorpach chuig an gComhairle maidir le gníomhachtú chlásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis, COM(2020) 123 final an 23 Márta 2020. Tá an cinneadh maidir lena dhíghníomhachtú bunaithe ar mheasúnú foriomlán ar staid an gheilleagair, agus leibhéal na gníomhaíochta eacnamaíche san Aontas nó sa limistéar euro i gcomparáid leis an leibhéal a bhí ann roimh an ngéarchéim (ag deireadh 2019) mar an príomhchritéar cainníochtúil. An Coimisiún Eorpach (2021) 'Aon bhliain amháin ó thosaigh COVID-19: freagairt an bheartais fhioscaigh', COM(2021)105 final an 3 Márta 2021, lgh. 7-8 agus lch. 14.

(4) An Coimisiún Eorpach (2021) 'Geilleagar an Aontais i ndiaidh phaindéim COVID-19: impleachtaí don rialachas eacnamaíoch,' COM(2021) 662 final an 19 Deireadh Fómhair 2021.

ganntanas saothair ann de bharr breoiteachta, coraintín agus dualgais chúraim. Tháinig méadú ar phraghsanna tráchtearraí agus fuinnimh mar thoradh ar an mbriseadh leanúnach soláthair in éineacht leis an éileamh láidir. Chuir na forbairtí díobhálacha sin isteach ar an móiminteam fáis san Aontas agus bhí fíor-ráta fáis OTI ag éirí níos moille sa ráithe dheireanach de 2021.

**Tuaradh i réamhaisnéis gheimhridh 2022 ón gCoimisiún go leanfaí den mhéadú eacnamaíoch láidir ar gheilleagar an Aontais, ach is ar bhonn níos laige a dhéanfar sin ag tús 2022 agus 2023.** I ndiaidh an tseala laig, bhí dlús le teacht faoin méadú eacnamaíoch arís sa dara ráithe de 2022 agus bhí sé le leanúint de bheith láidir le linn na tréimhse réamhaisnéise. Lean na bunphrionsabail a bhí mar bhonn leis an méadú de bheith láidir. Margadh saothair atá ag dul i bhfeabhas, coigilteas ard teaghlaigh, coinníollacha maoiniúcháin atá fós fabhrach, agus imscaradh chistí na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), bhí na nithe sin uile réidh le céim fhorleathnaitheach fhadtréimhseach agus láidir a chothú. De réir na réamhaisnéise geimhridh, measadh go sroichfeadh fíor-ráta fáis OTI an Aontais 4.0 % in 2022, 1.3 pointe céatadáin níos ísle ná in 2021 ach i bhfad os cionn an mheánleibhéil fhadtréimhsigh mar sin féin. Tuaradh sa réamhaisnéis gheimhridh ([5]) go leanfadh cúrsaí de bheith normálta arís in 2023 nuair a measadh go maolódh an fás go 2.8 %.

**Níor cuireadh san áireamh sa réamhaisnéis gheimhridh an t-ionradh ar an Úcráin ná an teannas geopholaitiúil a tháinig as sin.** Tá tionchar diúltach aige sin ar an ionchas fáis agus claochlaíonn sé na rioscaí níos mó i dtreo an taobh thíos. Mar shampla, féadfaidh sé tarlú go mbeidh an boilsciú níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis mar thoradh ar bhrúnna costais a eascraíonn as scrogaill ar thaobh an tsoláthair. Praghsanna fuinnimh níos airde a chuirtear ar aghaidh ó phraghsanna do tháirgeoirí go praghsanna do thomhaltóirí ní ba mhó, d'fhéadfadh siad cur isteach ar an éileamh comhiomlán. Is dócha go leanfaidh na scrogaill sa soláthar domhanda ar aghaidh ar feadh cuid mhaith de 2022. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go leanfadh an boilsciú de bheith ard thar thréimhse níos faide mar gheall ar éifeachtaí indíreacha a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil de thoradh ar mhéaduithe pá a d'fhéadfadh a bheith os cionn na táirgiúlachta. Ar an taobh dearfach de, d'fhéadfadh infheistíochtaí atá á gcothú ag RRF agus ag cistí faoin gCreat Ilbhliantúil Airgeadais (CAI), lena n-áirítear cistí Bheartas Comhtháthaithe an Aontais, ríog níos láidre a chruthú do ghníomhaíocht.

## 3. Na príomhphrionsabail agus impleachtaí maidir leis an treoir fhioscach

**Leagtar amach sa roinn seo na príomhphrionsabail lena dtreorófar measúnú an Choimisiúin ar chláir na mBallstát um Chobhsaíocht agus um Chóineasú.** Tá na himpleachtaí do na moltaí fioscacha atá le moladh do na Ballstáit i mí na Bealtaine 2022 maidir lena bpleananna buiséadacha in 2023 bunaithe ar réamhaisnéis gheimhridh 2022 ón gCoimisiún. Déanfaidh an Coimisiún dlúthfhaireachán ar an staid agus coigeartóidh sé a threoir maidir le beartais de réir mar is gá.

([5]) Eisiadh réamhaisnéis gheimhridh 2022 ón gCoimisiún an 10 Feabhra agus scoithdháta an 1 Feabhra 2022 ag gabháil leis.

**Déanfar moltaí fioscacha le haghaidh 2023 a fhoirmliú i dtéarmaí cáilíochtúla agus beidh bonn cainníochtúil leo.** I bhfianaise na ndálaí eacnamaíocha sonracha agus na ndeacrachtaí a thagann as sin i ndáil le bearnaí aschuir mar aon le comharduithe struchtúracha a mheas, molfaidh an Coimisiún san earrach, mar a rinne sé anuraidh, treoir thírshonrach maidir le beartas fioscach lena gcuirtear leis an gcur chuige a glacadh i leith an mholta fhioscaigh le haghaidh 2022, lena gcuirtear teorainn le fás an chaiteachais reatha agus lena dtugtar aird ar cháilíocht agus comhdhéanamh an airgeadais phoiblí. Is ar an mbonn sin a dhéanfaidh an Coimisiún faireachán ar na torthaí fioscacha in aghaidh na moltaí. Déanfar measúnú san fhómhar ar bhuiséid na mBallstát sa limistéir euro le haghaidh 2023 sna Tuairimí ón gCoimisiún maidir leis na Dréachtphleananna Buiséadacha.

***Prionsabal#1: Comhordú beartais agus meascán beartais comhsheasmhach a áirithiú***

**Tá comhordú na mbeartas fioscach ríthábhachtach i gcónaí.** D'éirigh go han-mhaith le freagairt chomhordaithe fhioscach na mBallstát ar mhórshleabhcadh eacnamaíoch COVID-19, a éascaítear leis an gclásal éalaithe ginearálta agus a bhfuil gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais ag tacú léi, chun an tionchar ar an ngeilleagar a mhaolú. Tá gá le comhordú láidir leanúnach na mbeartas fioscach chun aistriú rianúil a áirithiú i dtreo conair fáis nua inbhuanaithe agus i dtreo na hinbhuanaitheachta fioscaí.

**Ba cheart staid fhioscach iomchuí don limistéar euro a bheith mar thoradh ar chothromaíocht chuí idir inbhuanaitheacht agus breithnithe cobhsúcháin.** Tá sé ríthábhachtach nasc den sórt sin a bhaint amach ar leibhéal na tíre agus gné an limistéir euro/an Aontais á cur san áireamh. Cé go bhfuil an geilleagar ag tairbhiú go fóill de ghnéithe bunúsacha fónta agus tacaíocht ó chistí an Aontais, ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta go háirithe, nuair a chuirfear deireadh de réir a chéile leis na bearta a rinneadh chun tacú leis an ngeilleagar le linn na paindéime, bainfear an dlús a tháinig leis na bearta sin ar bhonn comhiomlán in 2023. Le huainiú agus luas an normalaithe ar an mbeartas fioscach, ba cheart breithniú a dhéanamh freisin ar na hidirghníomhaíochtaí le beartais na hearnála airgeadaíochta agus airgeadais agus ar an ríog fhioscach a thagann ó RRF ([6]).

**I bhfianaise na réamhaisnéise geimhridh, tá an Coimisiún den tuairim gur cosúil gurb iomchuí aistriú ó staid fhioscach thacúil chomhiomlán in 2020-2022 go staid fhioscach chomhiomlán atá neodrach a bheag nó a mhór in 2023, ach tá sé ullamh san am céanna freagairt don staid eacnamaíoch atá ag forbairt.**

***Prionsabal #2: Inbhuanaitheacht fiachais a áirithiú trí choigeartú fioscach ardchaighdeáin de réir a chéile agus trí fhás eacnamaíoch***

**Tá cóimheasa fiachais ard agus tá méadú tagtha orthu mar thoradh ar an bpaindéim.** Mar thoradh ar an bhfreagairt fhioscach is gá ar phaindéim COVID-19 agus ar an gcúngú san aschur, tháinig méadú suntasach ar chóimheasa fiachais an rialtais, go háirithe i roinnt Ballstát a bhfuil fiachas ard acu, ach gan ardú ar na costais seirbhísithe fiachais. 92 % de OTI an buaicleibhéal a bhain cóimheas fiachais comhiomlán an Aontais amach in 2021 agus tá

(6) Cé go leanfaidh deontais RRF de bheith ag tacú leis an ngeilleagar gach bliain, tá an difríocht i ndeontais RRF a ionsúitear ó bhliain go chéile á tomhas ag an ríog fhioscach bhliantúil arna soláthar ag RRF.

coinne leis go dtitfidh sé beagán go 89 % de OTI in 2023. San am céanna, tá an éagsúlacht idir na Ballstáit fós ard. Táthar ag súil go bhfanfaidh cóimheasa fiachais os cionn 100 % de OTI i sé Bhallstát in 2023 ach go bhfanfaidh siad faoi bhun 60 % de OTI i dtuairim agus leath na mBallstát.

**Faoi bheartais nach ndearnadh aon athrú orthu, chobhsódh cóimheas fiachais an Aontais tríd is tríd sna 10 mbliana amach romhainn ach leanfadh sé ar chonair mhéadaitheach i roinnt Ballstát a bhfuil fiachas ard acu.** Beidh roinnt fachtóirí ina múnla ar an dinimic fiachais. Ar an taobh eile, is measa fós iad na rioscaí a bhaineann le fiachas náisiúnta níos airde de bharr dúshlán eile, lena n-áirítear na costais réamh-mheasta ar aosú agus na dliteanais theagmhasacha (i bhfoirm ráthaíochtaí) a deonaíodh le linn ghéarchéim COVID-19. Ar an taobh eile, bhí an dinimic fiachais in 2021 níos fearr go ginearálta ná mar a bhíothas ag súil leis. Is fachtóirí maolaitheacha iad costais ísle maoiniúcháin agus ionchais fáis fhabhracha, a bhuí go páirteach leis an tionchar dearfach a mheastar a bheidh ag infheistíochtaí agus athchóirithe ar an acmhainneacht fáis sa mheántéarma. Braitheann méid an tionchair seo ar éabhlóid na ndifreálach rátaí fáis agus úis lena mbaineann neamhchinnteacht i gcónaí.

**Tá gá le coigeartú fioscach ilbhliantúil mar aon le hinfheistíocht agus athchóirithe chun an acmhainneacht fáis a chothú chun srian a chur ar an dinimic fiachais.** Is tábhachtach airgeadas poiblí inbhuanaithe a áirithiú trí fhiachas náisiúnta ard a laghdú de réir a chéile. Tá roinnt Ballstát agus iad ag eascairt as an ngéarchéim i mbaol cóimheasa caiteachais níos airde agus cóimheasa ioncaim níos lú (mar sciar de OTI). Mura laghdaítear an fiachas i dtíortha a bhfuil fiachas ard acu sa mheántéarma, chuirfí isteach ar ionchais fáis agus d'éireofaí éagsúlachtaí trastíre níos doimhne. Trí na cuntais phoiblí a nochtadh d'fhorbairt neamhfhabhrach sna margaí airgeadais, d'fhéadfaí dochar a dhéanamh d'athléimneacht fhoriomlán na ngeilleagar. Is ábhartha íogaireacht na dinimice fiachais maidir leis an bhforbairt i gcoinníollacha maoiniúcháin chun méid agus luas an choigeartaithe a chinneadh. Le straitéisí rathúla laghdaithe fiachais, ba cheart díriú ar chomhdhlúthú fioscach, ar cháilíocht agus ar chomhdhéanamh an airgeadais phoiblí agus ar chur chun cinn an fháis. Bhainfeadh comhdhlúthú róthobann an bonn den téarnamh leanúnach, rud a mbeadh éifeachtaí diúltacha aige ar an acmhainneacht fáis, ar mheon an mhargaidh agus ar chostais mhaoiniúcháin agus, ar an gcaoi sin, ar inbhuanaitheacht fiachais.

**Is é tuairim an Choimisiúin go bhfuil sé inmholta tús a chur le coigeartú fioscach de réir a chéile chun fiachas poiblí ard a laghdú ó 2023 ar aghaidh, bunaithe ar an réamhaisnéis gheimhridh uaidh, cé go mbeadh tionchar diúltach ag comhdhlúthú róthobann ar an bhfás, agus ar an gcaoi sin, ar an inbhuanaitheacht fiachais.**

***Prionsabal #3: Infheistíocht a chothú agus fás inbhuanaithe a chur chun cinn***

**Geilleagair na hEorpa a aistriú chuig conair lena mbaineann fás níos inbhuanaithe agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an dá aistriú, ba cheart na nithe sin**

**a bheith ar bharr an chláir oibre i ngach Ballstát.** ([7]) Léirítear leis na meastacháin ón gCoimisiún Eorpach agus ó eagraíochtaí eile go bhfuil gá le hinfheistíocht mhór chun cuspóirí aeráide agus digiteacha an Aontais a bhaint amach. Tá EUR 520 billiún in infheistíocht bhreise phoiblí agus phríobháideach in aghaidh na bliana in 2021-2030 de dhíth chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach. Meastar gur thart ar EUR 125 bhilliún in aghaidh na bliana an bhearna infheistíochta atá ann chun claochlú digiteach a bhaint amach san Aontas Eorpach sna 10 mbliana amach romhainn. Beidh gá leis an gcuid is mó den infheistíocht sin a úsáid san earnáil phríobháideach. Mar sin féin, ní mór ról a bheith ag an earnáil phoiblí chun cistiú comhlántach a sholáthar chun tacú le beartais, an riosca a bhaineann le tionscadail nuálaíochta a laghdú, infheistíocht phríobháideach a threorú agus a chomhchruinniú agus cliseadh margaidh a shárú. Sa Teachtaireacht maidir le múnla fáis don Eoraip a bheidh slán i bhfad na haimsire, leagtar béim ar a thábhachtaí atá gníomhaíocht chomhordaithe ag na gníomhaithe ábhartha uile, lena n-áirítear an tAontas, na Ballstáit agus an earnáil phríobháideach chun gach luamhán beartais atá ar fáil a ghníomhachtú. ([8]) Is fíorthábhachtach an comhleanúnachas idir beartais infheistíochta agus athchóirithe sna Ballstáit agus idir cuspóirí náisiúnta agus cuspóirí an Aontais a áirithiú.

**Tacóidh RRF agus cistí CAI le hinfheistíocht phoiblí agus athchóirithe poiblí sna blianta amach romhainn.** Tá EUR 338 mbilliún i dtacaíocht neamh-inaisíoctha (‘deontais’) agus suas le EUR 386 bhilliún in iasachtaí (an dá mhéid i bpraghsanna reatha) á sholáthar go dtí 2026 ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) atá ina cuid lárnach de NGEU. Le maoiniú RRF, cuideofar leis an athléimneacht a chothú; le dul chun cinn i dtreo ár spriocanna comhshaoil agus digiteacha a bhaint amach; agus le comhtháthú, táirgiúlacht agus iomaíochas a neartú. Go dtí seo, fuair 22 Bhallstát cead maidir lena bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta (RRP) agus rinneadh íocaíochtaí réamh-mhaoinithe i leith 21 cheann díobh a d’iarr amhlaidh. Tá sé beartaithe tús áite a thabhairt d’eisíocaíocht dheontais RRF agus go n-íocfar amach tuairim agus dhá thrian de na deontais faoi dheireadh 2023. ([9]) Leis an gcaiteachas arna maoiniú ag RRF beifear in ann tionscadail infheistíochta ar ardchaighdeán a mhaoiniú agus costais athchóirithe lena gcuirtear feabhas ar tháirgiúlacht a chumhdach gan a bheith ina chúis le heasnaimh agus fiachas níos airde. Le cur chun feidhme pras RRPanna, cuirfear téarnamh marthanach agus inbhuanaithe chun cinn, cothófar acmhainneacht fáis níos airde agus tacófar le feabhas de réir a chéile a chur ar staideanna fioscacha, lena n-áirítear i mBallstáit a bhfuil na cóimheasa fiachais is airde acu. Le formheas na glúine nua de chistí bheartas Comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh, cuirfear tuilleadh

---

([7]) Tá tosaíochtaí reatha an Aontais maidir le beartas eacnamaíoch agus fostaíochta bunaithe ar cheithre ghné: inbhuanaitheacht chomhshaoil, táirgiúlacht, cothroime, cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch. Féach An Coimisiún Eorpach (2021) ‘Suirbhé Bliantúil 2022 don Fhás Inbhuanaithe,’ COM(2021) 740 final an 21 Samhain 2021.

([8]) An Coimisiún Eorpach (2022) ‘Múnla nua fáis don Eoraip a bheidh slán i bhfad na haimsire: i dtreo an gheilleagair ghlais dhigitigh athléimnigh.’

([9]) Go dtí seo, is ionann an 22 RRP a d’fhormheas an Chomhairle agus EUR 291 billiún de mhaoiniú neamh-inaisíoctha agus EUR 154 billiún d’iasachtaí. Tá plean glactha ag sé Bhallstát (an Chipir, an Ghréig, an Iodáil, an Phortaingéil, an Rómáin agus an tSlóivéin) lena n-áirítear iasacht. Mar a fhoráiltear in Airteagal 18 den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) ((AE) 2021/241), déanfar ríomh ranníocaíocht uasta airgeadais na tacaíochta neamh-inaisíoctha ó RRF a nuashonrú faoin 30 Meitheamh 2022. Féach an Coimisiún Eorpach (2022), ‘An Tuarascáil Bhliantúil ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.’

feabhais ar infheistíocht, lena gcothófar an dá aistriú agus athléimneacht ar fud chríoch an Aontais.

**Ba cheart do na Ballstáit uile infheistíocht fhoriomlán a chosaint agus i gcás ina bhfuil údar cuí leis, infheistíocht arna maoiniú ar bhonn náisiúnta a leathnú, go háirithe don aistriú glas digiteach athléimneach.** Ba cheart béim a leagan ar ardchaighdeán infheistíochta i gcomhréir le hinfheistíocht arna maoiniú ag RRF. Ba cheart beartais fhioscacha a atreorú chun tacú leis an dá aistriú d'fhonn fás marthanach inbhuanaithe a bhaint amach. I gcás inar gá, mar fhreagairt ar an laghdú ar ranníocaíochtaí RRF cuir i gcás, ba cheart do na Ballstáit infheistíocht atá maoinithe go náisiúnta a leathnú, go háirithe i gcás an dá aistriú. Níor cheart coigeartú fioscach na mBallstát a bhfuil fiachas ard acu cur isteach ar infheistíocht agus ba cheart é a bhaint amach trí theorainn a chur le fás an chaiteachais reatha atá maoinithe go náisiúnta ina ionad sin.

**Is é tuairim an Choimisiúin gur cheart infheistíocht phoiblí ar ardchaighdeán atá maoinithe go náisiúnta a chur chun cinn agus a chosaint i bpleananna fioscacha meántéarmacha ó tharla go bhfuil geilleagar athléimneach a chur chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an dá aistriú ina bpríomh-chomhchuspóirí beartais le haghaidh 2023 agus ina dhiaidh sin.**

***Prionsabal #4: Straitéisí fioscacha atá comhsheasmhach le cur chuige meántéarmach i leith coigeartú fioscach a chur chun cinn, agus RRF á chur san áireamh***

**Ba cheart an coigeartú fioscach i mBallstáit a bhfuil fiachas ard acu a chur i gcrích de réir a chéile, níor cheart staid fhioscach róshriantach a bheith mar thoradh air, agus ba cheart infheistíocht agus athchóirithe lena n-athsheolfar acmhainneacht fáis a bheith mar bhonn leis, rud a éascóidh baint amach treochtaí fiachais inchreidte atá ag laghdú.** Ba cheart iarrachtaí fioscacha leanúnacha de réir a chéile a bheith ar aon dul le comhdhéanamh feabhsaithe an airgeadais phoiblí chun fiachas meántéarmach a laghdú. Ní mór na pleananna meántéarmacha a bheith comhsheasmhach le hanailís na mBallstát ar inbhuanaitheacht fiachais. ([10]) Ba cheart tagairtí coincréiteacha do na hinfheistíochtaí agus athchóirithe atá beartaithe acu a bheith mar bhonn leis na pleananna, agus ba cheart an amlíne ionchais i ndáil le heisíocaíocht chistí an Aontais (lena n-áirítear deontais RRF) a chur san áireamh. Don tréimhse i ndiaidh 2023, ba cheart na pleananna meántéarmacha sin a dhíriú ar chomhdhlúthú fioscach a shaothrú chun staideanna fioscacha stuama meántéarmacha a bhaint amach ar bhealach marthanach de réir a chéile lena gcothófaí an fás. Ba cheart mionsonrú a thabhairt ar na bearta foluiteacha agus na hathchóirithe agus infheistíochtaí lena ngabhann sna pleananna.

**Ba cheart na héifeachtaí a bhaineann le tacaíocht RRF ar ghníomhaíocht eacnamaíoch a chur san áireamh i gconair choigeartaithe an bheartais fhioscaigh.** Leanfaidh deontais RRF de thacaíocht shuntasach fhioscach a chur ar fáil chun an t-éileamh comhiomlán a fhás

(10) Cód Iompair an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis (2017) http://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-9344-2017-INIT/en/pdf

go dtí buaicphointe na próifíle íocaíochta i bpleananna gach Ballstáit, rud a laghdófar ina dhiaidh sin. Ba cheart an méid sin a chur san áireamh i bpleananna fioscacha meántéarmacha.

**Níor cheart moill mhíchuí a bheith leis an gcomhdhlúthú.** Nuair atá gá le coigeartú fioscach agus má chuirtear moill air go blianta ina dhiaidh sin, méadaítear rioscaí cur chun feidhme agus is minic a bhíonn deacrachtaí ann maidir le spriocanna buiséadacha meántéarmacha a leagtar amach i gcláir na mBallstát um Chobhsaíocht agus um Chóineasú a bhaint amach. Ina theannta sin, baineann cur chun feidhme straitéise fioscaí siarchoinnithe le rialtais freisin a úsáideann fás dearfach neamhthuartha agus amhantair bhuiséadacha le haghaidh caiteachas reatha níos airde nó ciorruithe cánach, seachas laghdú fiachais a bhfuil dlús curtha leis. Is minic nach n-áirítear leis sin maoláin a atógáil nuair a fhágann na dálaí eacnamaíocha gur féidir sin.

**Is é tuairim an Choimisiúin gur cheart a léiriú sna cláir um Chobhsaíocht agus um Chóineasú, maidir le pleananna buiséadacha meántéarmacha na mBallstát an chaoi a ndéanfar fiachas poiblí a laghdú de réir a chéile chuig leibhéil stuama a áirithiú, mar aon le fás inbhuanaithe trí comhdhlúthú de réir a chéile, infheistíochtaí agus athchóirithe.**

***Prionsabal #5: Straitéisí fioscacha a idirdhealú agus gné an limistéir euro a chur san áireamh***

**Is gá tús a chur le coigeartú fioscach de réir a chéile sna Ballstáit a bhfuil fiachas ard acu ó 2023 ar aghaidh chun cóimheasa fiachais a chobhsú agus iad a laghdú ina dhiaidh sin.** Is tábhachtach go fóill na maoláin fhioscacha a atógáil agus dul i mbun cóimheasa fiachais phoiblí le OTI a laghdú arís nuair a fhágann na dálaí eacnamaíocha gur féidir sin, d’fhonn athléimneacht a fheabhsú i gcoinne suaití amach anseo, dálaí fabhracha maoiniúcháin a choinneáil agus feidhmiú rianúil an limistéir euro a áirithiú i bhfianaise na n-éifeachtaí iarmharta a d’fhéadfadh a bheith ann. I gcás na mBallstát a bhfuil fiachas ard acu, is cosúil gurb iomchuí feabhas de réir a chéile a chur ar a staideanna fioscacha foluiteacha ó 2023 ar aghaidh, bunaithe ar réamhaisnéis gheimhridh 2022 ón gCoimisiún. Chun an méid sin a bhaint amach, ba cheart go bhfásfadh caiteachas reatha atá maoinithe go náisiúnta (glan ó bhearta lánroghnacha ioncaim) níos moille ná an t-aschur féideartha meántéarmach (arna thomhas leis an tagarmharc caiteachais). Ba cheart do na Ballstáit leanúint den infheistíocht atá de dhíth don dá aistriú a chur chun cinn agus an coigeartú fioscach i ndáil le caiteachas reatha atá maoinithe go náisiúnta a chur chun feidhme. Ba cheart cur chun feidhme tráthúil RRPanna a bheith ina thacú leis an straitéis sin. Ba cheart aon ioncam amhantair lena n-áirítear fás dearfach neamhthuartha a úsáid chun an fiachas a laghdú.

**Ba cheart do na Ballstáit a bhfuil fiachas íseal/meánach acu tosaíocht a thabhairt d’infheistíocht don dá aistriú.** Is iondúil go mbíonn riochtaí fónta buiséadacha ina bpríomhthréithe ag Ballstáit a bhfuil fiachas íseal/meánach acu. ([11]) Ba cheart tosaíocht a

([11]) Le conair choigeartaithe an-bheag fiú, d’fhéadfadh sé tarlú go tapa go mbeadh barrachas sa bhuiséad i roinnt Ballstát de réir ionsamhlúcháin ón gCoimisiún.

thabhairt don mhéadú ar an infheistíocht phoiblí don dá aistriú, i gcás inar gá leis (mar fhreagairt ar ranníocaíochtaí RRF atá ag titim, mar shampla) trí infheistíocht atá maoinithe go náisiúnta a fhásann níos tapúla ná an t-aschur féideartha meántéarmach. Ba cheart an fhorbairt i gcaiteachas reatha a bheith i gcomhréir le staid fhioscach neodrach fhoriomlán a chaomhnú agus ní dhéanfar coigeartú fioscach in 2023 dá bhrí sin, ach amháin i gcás ina dtugtar le fios go bhfuil ró-éileamh ann, bheadh gá le beartais fhioscacha sholúbtha chun a fhás a rialú, nó os a choinne sin, i gcás ina bhfuil ionchas eacnamaíoch a bhfuil meath tagtha air, bheadh gá le caiteachas breise. Leis sin cuideofar le staid fhioscach iomchuí don limistéar euro ina iomláine a chaomhnú, mar go bhféadfadh na hiarmhairtí as eascraíonn as athdhaingniú roimh am i mBallstáit a bhfuil fiachas íseal/meánach acu an t-éileamh comhiomlán sa limistéar euro a laghdú go míchuí agus é a fhágáil níos deacra do na Ballstáit a bhfuil fiachas ard acu an coigeartú fioscach a chur chun feidhme.

**Is é tuairim an Choimisiúin gur cheart leanúint d'idirdhealú a dhéanamh idir na moltaí fioscacha ar fud na mBallstát agus d'iarmhairtí trastíre a d'fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh. Ba cheart an coigeartú fioscach náisiúnta a dhéanamh, i gcás inar gá, ar bhealach lena gcuirtear feabhas ar chomhdhéanamh an chaiteachais, lena gcosnaítear an infheistíocht fhoriomlán.**

***Impleachtaí maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach (EDP)***

**Ní mholfaidh an Coimisiún go n-osclófar EDPanna nua in earrach 2022.** Tá tionchar ollmhór maicreacnamaíoch fioscach i gcónaí ag paindéim COVID-19, rud a chruthaíonn, in éineacht leis an staid gheopholaitiúil atá ann faoi láthair, éiginnteacht as cuimse, lena n-áirítear i ndáil le conair mhionsonraithe a dhearadh don bheartas fioscach. Ar na forais sin, measann an Coimisiún nár cheart cinneadh a dhéanamh maidir le Ballstáit a chur faoin Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach (EDP) in earrach 2022.

**Déanfaidh an Coimisiún athmheasúnú ar a ábhartha agus atá an moladh EDPanna a oscailt i bhfómhar 2022.** Na Ballstáit sin a bhfuil sárú beartaithe acu ar an tairseach easnaimh in 2023 agus ina dhiaidh sin, ba cheart dóibh a mbearta beartais beartaithe a leagan amach chun an t-easnamh a thabhairt faoi bhun an luacha thagartha, ionas go gcuirfear sin san áireamh mar chuid den mheasúnú ar na fachtóirí ábhartha de réir mar is iomchuí. ([12]) A mhéid a bhaineann le Ballstáit a bhfuil cóimheas fiachais os cionn 60 % de OTI acu, déanfaidh an Coimisiún a mheas, ina mheasúnú ar na tosca ábhartha uile, go dtabharfaí le tuiscint le comhlíonadh an tagarmhairc laghdaithe fiachais go mbeadh iarracht fhioscach éilitheach tús-ualaithe ann a chuirfeadh an fás i mbaol. Dá bhrí sin, is é tuairim an Choimisiúin nach gá an tagarmharc maidir le laghdú an fhiachais a chomhlíonadh faoi na dálaí eacnamaíocha eisceachtúla atá ann faoi láthair. An tráth céanna, leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí fiachais agus easnaimh agus déanfaidh an Coimisiún measúnú ar a ábhartha agus atá an moladh EDPanna a oscailt i bhfómhar 2022.

## 4. Staid na himeartha maidir leis an athbhreithniú ar rialachas eacnamaíoch

(12) Sonraítear na fachtóirí ábhartha iomchuí in Airteagal 2 de Rialachán 1467/97. Ní féidir i bprionsabal EDP atá bunaithe ar easnamh a sheachaint ach amháin más sealadach, eisceachtúil agus gar don luach tagartha an t-easnamh iomarcach.

**D'athsheol an Coimisiún an díospóireacht phoiblí maidir leis an athbhreithniú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus d'iarr sé ar na hinstitiúidí eile agus ar na príomhpháirtithe leasmhara uile páirt a ghlacadh inti.** Tá an díospóireacht ag dul ar aghaidh, agus leas á bhaint as tuairim an Choimisiúin maidir le héifeachtacht an chreata faireachais eacnamaíoch a cuireadh i láthair i mí Feabhra 2020 agus as na ceachtanna a foghlaimíodh ó ghéarchéim COVID-19. Leis an díospóireacht phoiblí faoi chreat fioscach an Aontais, dírítear ar an dúshlán a bhaineann le laghdú marthanach de réir a chéile lena gcothófaí an fás a dhéanamh ar leibhéil stuama fiachais; an gá le hinfheistíocht phoiblí ar leibhéil arda sna blianta amach romhainn a chothú, lena n-áirítear infheistíocht don dá aistriú agus chun athléimneacht a fheabhsú; an tábhacht a bhaineann le comhdhéanamh cuí agus cáilíocht an airgeadais phoiblí, an gá le beartas fioscach frith-thimthriallach agus le spás fioscach a chruthú don chobhsaíocht. an tábhacht a bhaineann le comhordú láidir beartais idir uirlisí éagsúla beartais, agus idir leibhéal an Aontais agus an leibhéal náisiúnta; an gá le creat an Aontais a shimpliú agus le forfheidhmiú éifeachtach chreat fioscach an Aontais a áirithiú. Tá an díospóireacht ag tarlú trí fhóraim dhifriúla, lena n-áirítear cruinnithe tiomnaithe, ceardlanna agus suirbhé ar líne. Bíonn saoránaigh agus réimse leathan páirtithe leasmhara rannpháirteach sa phlé sin, go háirithe comhpháirtithe sóisialta, lucht léinn, institiúidí agus comhlachtaí eile an Aontais, rialtais agus parlaimintí náisiúnta, i measc grúpaí eile. Dúnadh an suirbhé ar líne an 31 Nollaig 2021. Tá an Coimisiún ag déanamh anailíse faoi láthair ar na haighneachtaí a fuair sé agus cuirfidh sé tuarascáil achomair chun cinn i mí an Mhárta 2022. Tá an rannpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara maidir leis an gcaoi le héifeachtacht an chreata rialachais eacnamaíoch ag leanúint ar aghaidh chun go dtiocfar ar chomhthoil maidir lena thodhchaí.

**Leis an díospóireacht leanúnach, tugtar deis do na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar príomhchuspóirí an chreata rialachais, ar an gcaoi a n-oibríonn sé agus ar dhúshláin nua le cur san áireamh.** Tá plé ar siúl sa Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais agus sa Choiste um Beartas Eacnamaíoch go príomha, ach ar leibhéal na n-airí sa Chomhairle (ECOFIN) agus i measc chomhaltaí an limistéir euro sa Ghrúpa Euro freisin maidir le gnéithe sonracha a bhaineann leis an limistéar euro. Tá an plé á eagrú de réir líon teoranta príomhthéamaí, i gcomhréir leis na dúshláin a sainaithníodh sa Teachtaireacht i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus le príomhábhar na díospóireachta poiblí. Áirítear orthu sin inbhuanaitheacht fiachais phoiblí agus laghdú fiachais lena gcothófaí an fás; cosaint na hinfheistíochta poiblí agus ról an chreata fhioscaigh maidir le hinfheistíocht phoiblí agus athchóirithe a chothú i bhfianaise an aistrithe chuig geilleagar an Aontais atá glas, digiteach agus athléimneach; machnamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón bhfreagairt ar ghéarchéim COVID-19 (lena n-áirítear RRF); beartais fhioscacha fhrith-thimthriallacha agus spás fioscach a chruthú don chobhsaíocht sa ghearrthéarma; agus mar a shimplítear creataí fioscacha, úinéireacht náisiúnta níos láidre a bhaint amach agus forfheidhmiú níos fearr a bhaint amach. Cuireadh in iúl na himpleachtaí fadtéarmacha a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an ionradh ar an Úcráin freisin maidir leis an athléimneacht agus leis an tslándáil. Ina theannta sin, tá plé maidir le gnéithe sonracha an limistéir euro ar siúl idir na Ballstáit sa limistéar euro. Tá sé beartaithe plé breise a dhéanamh leis na príomhpháirtithe leasmhara (e.g. an Bord Fioscach Eorpach) agus le hacadóirí/saineolaithe sna míonna amach romhainn.

Tá sé beartaithe go reáchtálfar an plé achoimre i mí Iúil, ar leibhéal na n-airí sa Chomhairle (ECOFIN) agus i measc Bhallstáit an limistéir euro sa Ghrúpa Euro.

**Bunaithe ar an díospóireacht phoiblí leanúnach agus ar an bplé leis na Ballstáit, cuirfidh an Coimisiún treoirlínte ar fáil maidir le hathruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gcreat rialachais eacnamaíoch agus é de chuspóir aige teacht ar chomhthoil leathan maidir leis an mbealach chun cinn a bheidh réidh in am do 2023.** Is é tuairim an Choimisiúin go dtugtar roinnt príomh-shaincheisteanna le fios i staid imeartha an phlé, i gcás ina bhféadfadh obair bhreise níos coincréití an bealach a réiteach don chomhthoil atá ag teacht chun cinn i ndáil le creat fioscach an Aontais a bheidh ann amach anseo.

- **Chun go n-éireoidh le creat fioscach an Aontais, is fíorthábhachtach inbhuanaitheacht fiachais a áirithiú agus fás inbhuanaithe a chur chun cinn trí infheistíocht agus athchóirithe.** Is ríthábhachtach inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú trí chóimheasa arda fiachais a laghdú ar bhealach réalaíoch marthanach de réir a chéile. Le creat fioscach an Aontais, ba cheart straitéisí rathúla meántéarmacha maidir le laghdú fiachais a dhreasú, lena ndírítear ar an gcomhdhlúthú fioscach, ar cháilíocht agus ar chomhdhéanamh an airgeadais phoiblí agus ar chur chun cinn an fháis. Ba cheart an creat a bheith i gcomhréir le dúshláin an lae inniu agus an lae amárach, lena n-áirítear ról iomchuí chun cuidiú le leibhéil leordhóthanacha infheistíochta a chothú. Beidh gá leis an infheistíocht phoiblí a chothú ar leibhéil arda sna blianta amach romhainn, agus béim á leagan ar a thábhachtaí atá sé comhdhéanamh cuí agus cáilíocht an airgeadais phoiblí a chur chun cinn chun fás inbhuanaithe cuimsitheach a áirithiú. Ba cheart ról iomchuí a bheith ag creat fioscach an Aontais i ndáil le hinfheistíocht náisiúnta agus athchóirithe a dhreasú, agus aird ar leith á tabhairt ar an gcomhleanúnachas idir beartais infheistíochta agus athchóirithe sna Ballstáit agus idir cuspóirí náisiúnta agus cuspóirí an Aontais a áirithiú.
- **Is cosúil go bhfuil gealladh faoi níos mó airde a thabhairt ar an meántéarma i bhfaireachas fioscach an Aontais.** Ba cheart faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht fhioscach na mBallstát ar bhonn bliantúil, lena gcoinneofar na gnéithe dearfacha den chomhordú fioscach iltaobhach. An tráth céanna, faoi réir treoir shoiléir ar leibhéal an Aontais, le níos mó deiseanna do na Ballstáit a bpleananna coigeartaithe fioscaigh a leagan síos agus a chur chun feidhme sa mheántéarma, agus a gcláir oibre um infheistíocht agus um athchóiriú a chuimsiú ina dtreochtaí fioscacha, d'fhéadfaí úinéireacht agus comhlíonadh ar an gcaoi sin a neartú.
- **Ba cheart tuilleadh plé a dhéanamh maidir leis na léargais is féidir a fháil ó dhearadh, rialachas agus oibriú RRF.** Ba cheart díriú ar na ceachtanna maidir le húinéireacht, iontaoibh fhrithpháirteach, forfheidhmiú agus an t-idirghníomhú idir na gnéithe eacnamaíocha agus fioscacha, agus gnéithe an Aontais agus gnéithe náisiúnta. Tá urraim tuillte ag cur chuige RRF i leith comhordú beartas atá bunaithe ar thiomantas, lena ngabhann úinéireacht náisiúnta láidir i ndáil le ceapadh beartas agus torthaí, agus atá bunaithe ar an treoir *ex-ante* do na Ballstáit maidir le tosaíochtaí um infheistíocht agus um athchóiriú. Ba cheart an Seimeastar Eorpach leanúint de bheith

mar an creat tagartha chun faireachas comhtháite a dhéanamh agus beartais eacnamaíocha agus fostaíochta san Aontas a chomhordú.

- **Is príomhchuspóirí iad simpliú, úinéireacht náisiúnta níos láidre agus forfheidhmiú níos fearr.** Braitheann an creat atá ann faoi láthair ar athróga neamh-inbhraite atá íogair i leith athruithe agus a ndéanann dálaí timthriallacha difear dóibh. Cuimsítear leis freisin tacar casta léirmhínithe, lena n-áirítear clásail éagsúla sholúbthachta a fhágann go bhfuil cur i bhfeidhm an chreata casta agus a chuireann srian ar thrédhearcacht. Chuige sin, tá gá le rialacha fioscacha níos simplí lena n-úsáidtear aon riail oibríochtúil amháin ar leibhéal an Aontais a bhfuil táscairí inbhraite ag gabháil léi, amhail comhiomlán glanchaiteachais chun comhlíonadh a mheasúnú. Áirítear leis sin machnamh a dhéanamh ar cé acu an bhféadfadh béim shoiléir ar 'oll-earráidí beartais', mar a leagtar amach sa Chonradh, rannchuidiú leis an gcreat a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí nó nach bhféadfadh. Tá na spriocanna sin idirnasctha. Le creat níos simplithe, chuirfí feabhas ar inléiteacht fhaireachas buiséadach an Aontais agus chuirfí le cumarsáid níos soiléire, úinéireacht mhéadaithe, comhlíonadh níos fearr agus forfheidhmiú níos láidre ar an gcaoi sin. Thairis sin, i gcás ina dtabharfaí níos mó deiseanna do na Ballstáit treochtaí fioscacha a dhearadh, ba cheart don Choimisiún agus don Chomhairle cothromaíocht a bhaint amach tríd an gcreat a fhorfheidhmiú ar bhealach níos déine i gcás neamhchomhlíonta.

## 5. Na chéad chéimeanna eile

**Leagtar amach leis an Teachtaireacht seo treoir thosaigh maidir le beartas fioscach le haghaidh 2023 a nuashonrófar de réir mar is gá mar chuid den Phacáiste Earraigh den Seimeastar Eorpach ón gCoimisiún i mí na Bealtaine 2022 ar a dhéanaí.** Leanfar den staid eacnamaíoch dhomhanda, staid shonrach gach Ballstáit agus an plé maidir leis an gcreat rialachais eacnamaíoch a léiriú sa treoir a bheidh ann amach anseo. Déanfar dlúthfhaireachán ar dhul chun cinn an ionchais eacnamaíoch agus cuirfear san áireamh go cuí é. Iarrtar ar na Ballstáit an treoir sin a léiriú ina gcláir um Chobhsaíocht agus um Chóineasú.

## *Aguisín*

Liosta de na táblaí breise atá le soláthar i gcláir na mBallstát um Chobhsaíocht agus um Chóineasú. Tá cló trom ar na sonraí éigeantacha.

**Tábla maidir le tionchar RRF ar réamh-mheastacháin an chláir – IASACHTAÍ**

| Sreabhadh airgid ó iasachtaí RRF atá réamh-mheasta sa chlár (% de OTI) | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 |
| **Eisíocaíochtaí iasachtaí RRF ón Aontas** | | | | | | | |
| **Aisíocaíochtaí iasachtaí RRF don Aontas** | | | | | | | |

| Caiteachas arna mhaoiniú ag iasachtaí RRF (% de OTI) | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 |
| Cúiteamh fostaithe D.1<br>Tomhaltas idirmheánach P.2<br>Íocaíochtaí sóisialta D.62+D.632<br>Caiteachas úis D.41<br>Fóirdheontais iníoctha D.3<br>Aistrithe reatha D.7 | | | | | | | |
| **CAITEACHAS IOMLÁN REATHA** | | | | | | | |
| **Ollfhoirmiú caipitil sheasta P.51g**<br>**Aistrithe caipitil D.9** | | | | | | | |
| **CAITEACHAS CAIPITIÚIL IOMLÁN** | | | | | | | |

| Costais eile arna maoiniú ag iasachtaí RRF (% de OTI)[1] | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 |
| **Laghdú ar ioncam cánach**<br>**Costais eile a mbíonn tionchar acu ar ioncam** | | | | | | | |
| **Idirbhearta airgeadais** | | | | | | | |

**Tábla maidir le tionchar RRF ar réamh-mheastacháin an chláir – DEONTAIS**

| Ioncam ó dheontais RRF (% de OTI) | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 |
| **Deontais RRF mar a áirítear sna réamh-mheastacháin ioncaim** | | | | | | | |
| **Eisíocaíochtaí airgid iasachtaí RRF ón Aontas** | | | | | | | |

| Caiteachas arna mhaoiniú ag deontais RRF (% de OTI) | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 |
| Cúiteamh fostaithe D.1<br>Tomhaltas idirmheánach P.2<br>Íocaíochtaí sóisialta D.62+D.632<br>Caiteachas úis D.41<br>Fóirdheontais iníoctha D.3<br>Aistrithe reatha D.7 | | | | | | | |
| **CAITEACHAS IOMLÁN REATHA** | | | | | | | |
| **Ollfhoirmiú caipitil sheasta P.51g**<br>**Aistrithe caipitil D.9** | | | | | | | |
| **CAITEACHAS CAIPITIÚIL IOMLÁN** | | | | | | | |

| Costais eile arna maoiniú ag deontais RRF (% de OTI)[1] | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 |
| **Laghdú ar ioncam cánach**<br>**Costais eile a mbíonn tionchar acu ar ioncam** | | | | | | | |
| **Idirbhearta airgeadais** | | | | | | | |

**Tábla maidir le stoc na ráthaíochtaí a glacadh/a fógraíodh de réir an Chláir**

| | Bearta | Dáta an ghlactha | Uasmhéid na ndliteanas teagmhasach (% de OTI) | An glacadh a mheastar a bheidh ann (% de OTI) |
|---|---|---|---|---|
| Mar fhreagairt ar COVID-19 | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | Fo-iomlán | | | |
| Eile | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | Fo-iomlán | | | |
| Iomlán | | | | |

Nóta: Cuirtear an tábla seo in ionad Thábla 7 sa Chód Iompair maidir le CCF.